



C/2024/4480

22.7.2024

**Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 6 Meitheamh 2024 – NTT Data Belgique agus páirtithe eile v
BEI**

(Cás T-161/24 R)

**(Faoiseamh eatramhach – Conarthaí seirbhíse poiblí – Comhairliúcháin le haghaidh na bhfeidhmchlár
sonracha ag BEI – Iarraidh le haghaidh bearta eatramhacha – Easpa fumus boni juris – Leasanna a
chothromú)**

(C/2024/4480)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóirí: NTT Data Belgique (an Bhruiséil, an Bheilg), Sopra Steria PSF Luxembourg SA (Leudelange, Lucsamburg), UniSystems Luxembourg Sàrl (Bertrange, Lucsamburg), Netcompany – Intrasoft (Ixelles, an Bheilg) (ionadaithe: M. Troncoso Ferrer, L. Lence de Frutos, R. Fernández de la Cruz agus N. Korogiannakis, Dlíodóirí)

Cosantóirí: An Banc Eorpach Infheistíochta (ionadaithe: G. Faedo, K. Carr agus C. Solazzo, Gníomhairí, le cúnamh ó B. Schutyser agus H. Plancke, Dlíodóirí)

Ábhar

Lena n-iarratais bunaithe ar Airteagail 278 agus 279 CFAE, iarrann na hiarratasóirí, go bunúsach, ar an gcéad dul síos, go gcuirfí ar fionraí oibriú Chinneadh ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) an 4 Márta 2024 lena ndíuláítear don tairiscint cuibhreannas atá comhdhéanta a thaisc sé sa nós imeachta tairisceana CFT-1699, 'Comhairliúcháin le haghaidh na bhfeidhmchlár sonracha ag BEI (TAILOR)', agus, ar an dara dul síos, síniú an chonartha a chur ar fionraí maidir leis an nós imeachta sin.

An chuid oibríochtúil

- 1) Déantar an t-iarratas ar fhaoiseamh eatramhach a dhíbhe.
- 2) Cuirtear ordú an 26 Márta 2024 i leataobh i gcás T-161/24 R NTT Data Belgique agus páirtithe eile v BEI.
- 3) Forchoimeádtar na costais.